Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
**PREASEISIÚINT Uimh. 85/22**
Lucsamburg, an 17 Bealtaine 2022

Breithiúnais i gcás C-600/19 Ibercaja banco,
i gcásanna uamtha C-693/19 SPV Project 1503, C-831/19 Banco di Desio e della Brianza agus páirtithe eile,
agus na cásanna C-725/19 Impuls Leasing România agus C-869/19 Unicaja Banco

Preas agus Eolas

# Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra: ní fhéadfaidh prionsabail nós imeachta náisiúnta bac a chur ar na cearta atá ag daoine aonair faoi dhlí an Aontais

*Le prionsabal na héifeachtachta, éilítear rialú éifeachtach ar a éagóraí atá na téarmaí a d'fhéadfadh a bheith ann*

I mbreithiúnais an lae inniu, déanann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh, ina suí di mar Mhór-Dhlísheomra, maidir le roinnt iarrataí ar réamhrialú tugtha isteach ag cúirteanna na Spáinne, na hIodáile agus na Rómáine maidir le léirmhíniú ar Threoir 93/13/CEE [1] maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra.

Fiafraítear den Chúirt Bhreithiúnais an bhféadfaidh prionsabail nós imeachta náisiúnta, amhail *res judicata*, cumhachtaí na gcúirteanna náisiúnta, go háirithe cúirteanna forfheidhmithe, a theorannú chun measúnú a dhéanamh ar a éagóraí atá na téarmaí a d'fhéadfadh a bheith ann. An bhfuil prionsabail an dlí nós imeachta náisiúnta, a fhágann nach féidir measúnú den sórt sin a dhéanamh ar an bhforfheidhmiú, lena n-áirítear uaithi féin ag an gcúirt forfheidhmithe, mar gheall ar chinntí cúirte náisiúnta a bheith ann roimhe seo comhsheasmhach le Treoir 93/13?

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt Bhreithiúnais faoi deara an tábhacht, i ndlíchóras an Aontais agus sna dlíchórais náisiúnta, a bhaineann **leis an bprionsabal *res judicata***. Chun cobhsaíocht an dlí agus an chaidrimh dhlíthiúil agus dea-riarachán an cheartais a áirithiú freisin, ní mór go bhféadfar cinntí cúirte a tháinig chun a bheith críochnaitheach tar éis gach leighis atá ar fáil a bheith éilithe nó tar éis dhul in éag na dteorainneacha ama chun na leigheasanna sin a fheidhmiú a bheith faoi cheist a thuilleadh.[2]

Mar sin féin, ar an gcéad dul síos, tugann an Chúirt Bhreithiúnais faoi deara go bhfuil an córas cosanta arna chur chun feidhme le Treoir 93/13 bunaithe ar an tuiscint go bhfuil an tomhaltóir i riocht níos ísle i leith an díoltóra nó an tsoláthróra maidir le cumhacht margála agus leibhéal eolais.[3] I ndáil leis an seasamh níos laige sin, foráiltear le Treoir 93/13 nach bhfuil téarmaí éagóracha ceangailteach ar na tomhaltóirí. Is foráil shainordaitheach í a bhfuil sé mar aidhm aici cothromaíocht éifeachtach a chur in ionad na cothromaíochta foirmiúla.[4]

Léiríonn an Chúirt Bhreithiúnais go gceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta measúnú a dhéanamh uaithi féin ar a éagóraí atá an téarma conarthach, a thagann faoi raon feidhme Threoir 93/13 [5] agus go gceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le modhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun cosc a chur ar úsáid na dtéarmaí éagóracha.[6]

---

[1] Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29)
[2] Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2009, *Asturcom Telecomunicaciones,* C-40/08.
[3] Breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Banco Primus*, C-421/14.
[4] Breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Gutiérrez Naranjo agus páirtithe eile*, C-154/15, C-307/15 agus C-308/15 (féach CP 144/2016).
[5] Breithiúnas an 14 Márta 2013, *Aziz*, C-415/11 (féach CP 30/2013).
[6] Breithiúnas an 26 Meitheamh 2019, *Addiko Bank* C-407/18.

I bprionsabal, ní dhéantar le dlí an Aontais na nósanna imeachta is infheidhme maidir le rialú a dhéanamh ar a éagóraí atá an téarma conarthach a chomhchuibhiú, agus go dtagann na nósanna imeachta sin, faoi réir dhlíchóras náisiúnta na mBallstát dá bhrí sin. Ní mór do na forálacha nós imeachta náisiúnta **prionsabal na héifeachtachta** a chomhlíonadh, is é sin le rá, ceanglas maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chomhlíonadh.[7] I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, in éagmais rialú éifeachtach ar a éagóraí atá nó nach bhfuil na téarmaí conarthacha lena mbaineann, nach féidir urramú na gceart a thugtar le Treoir 93/13 a ráthú.[8]

Is ar bhonn na mbreithnithe seo a thugann an Chúirt Bhreithiúnais ceithre bhreithiúnas an lae inniu.

**Cás C-869/19, *Unicaja Banco***

Rinneadh an iarraidh seo ar réamhrialú i gcomhthéacs imeachtaí idir L agus Banco de Caja España de Inversiones, Salamanca y Soria SAU, a tháinig i gcomharbas ar Unicaja Banco SA, maidir le mainneachtain na cúirte achomhairc náisiúnta saincheist a ardú uaithi féin ina líomhnaítear sárú ar dhlí an Aontais. Dheonaigh an bhunaíocht bhaincéireachta iasacht mhorgáiste do L. Áiríodh sa chonradh sin “clásal íosráta” nach bhféadfadh an ráta athraitheach a bheith níos ísle ná 3 %. thug L caingean i gcoinne na bunaíochta baincéireachta sin, ag iarraidh neamhniú an chlásail sin agus aisíoc na suimeanna a fuarthas go míchuí, ag áitiú gur ghá a dhearbhú go raibh an clásal sin éagórach mar gheall ar an easpa trédhearcachta ann. Cheadaigh an chúirt chéadchéime an chaingean, a chuireann teorainn ama leis na héifeachtaí aisíoca i gcur i bhfeidhm an chásdlí náisiúnta. Chinn an chúirt achomhairc, agus achomharc an bhainc os a comhar, gan aisíoc iomlán na suimeanna a fuarthas faoin “gclásal íosráta” a ordú, ós rud é nach ndearna L achomharc i gcoinne an bhreithiúnais a tugadh ag an gcéad chéim. Faoi dhlí na Spáinne, ní fhéadfaidh an chúirt achomhairc, mura gconspóideann aon cheann de na páirtithe cuid den chuid oibríochtúil de bhreithiúnas, a héifeachtaí a bhaint di ná a hábhar a mhodhnú. Tá cosúlachtaí idir an riail agus *res judicata.* Fiafraíonn **Cúirt Uachtarach na Spáinne** ar an gCúirt Bhreithiúnas faoi chomhoiriúnacht an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais, go háirithe maidir le cás ina mbeadh cúirt náisiúnta, atá faoi bhráid achomhairc i gcoinne breithiúnas a chuireann teorainn ama le haisíoc suimeanna a d’íoc an tomhaltóir go míchuí faoi théarma atá dearbhaithe a bheith éagórach, saincheist a ardú, uaithi féin, ina líomhnaítear sárú ar Threoir 93/13 agus a ordú go n aisíocfar na suimeanna sin ina n iomláine.

Agus a chásdlí á mheabhrú aici, **athdhearbhaíonn an Chúirt Bhreithiúnais go dtoirmeasctar le dlí an Aontais cásdlí náisiúnta a chuireann teorainn ama leis na héifeachtaí aisíoca do shuimeanna amháin a íocadh go míchuí de bhun téarma éagórach tar éis fhógairt an chinnidh bhreithiúnaigh** lena gcinntear go raibh sé éagórach.[9]

Measann an Chúirt Bhreithiúnais chomh maith gurb é atá i gceist le cur i bhfeidhm phrionsabail nós imeachta na cúirte náisiúnta sin ná go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair na cearta sin a chosaint, agus ar an gcaoi sin déantar prionsabal na héifeachtachta a shárú. **Toirmeasctar le dlí an Aontais cur i bhfeidhm phrionsabail nós imeachta na cúirte náisiúnta** faoi nach féidir le **cúirt náisiúnta, atá faoi bhráid achomhairc i gcoinne breithiúnas a chuireann teorainn ama le haisíoc na suimeanna a d’íoc an tomhaltóir go míchuí faoi théarma a dearbhaíodh a bheith éagórach saincheist ina líomhnaítear sárú ar an bhforáil sin a ardú, uaithi féin, agus aisíoc iomlán na suimeanna sin a ordú,** i gcás nach féidir mainneachtain an tomhaltóra lena mbaineann an teorainn ama sin a chonspóid a chur i leith éighníomhaíocht iomlán an tomhaltóra.

**Cás C-600/19, Ibercaja banco)**.

Rinneadh an iarraidh seo i gcomhthéacs imeachtaí idir MA agus Ibercaja Banco SA maidir le **hiarraidh ar íocaíocht úis atá dlite don bhunaíocht baincéireachta mar gheall ar neamh-chomhlíonadh an chonartha iasachta morgáiste** arna thabhairt i gcrích idir na páirtithe seo ag

[7] Breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *BNP Paribas Personal Finance,* C-776/19 à C-782/19 (féach CP n° 100/21).
[8] Breithiúnas an 4 Meitheamh 2020, *Kancelaria Medius*, C-495/19.
[9] Breithiúnas *Gutiérrez Naranjo agus páirtithe eile*, C-154/15, C-307/15 agus C-308/15, thuas.

MA agus PO. D'ordaigh an chúirt inniúil forfheidhmiú an teideal morgáiste i seilbh Ibercaja Banco agus d'údaraigh sé an urghabháil i gcoinne na dtomhaltóirí. Ba le linn an nós imeachta forfheidhmithe amháin, go sonrach tar éis na maoine morgáistithe a cheant, a d'áitigh MA go raibh an clásal úis mhainneachtana agus an clásal íosráta éagórach, is é sin le rá nuair a fhágann éifeacht *res judicata* agus toirmisc nach féidir leis an gcúirt scrúdú a dhéanamh uaithi féin ar a éagóraí atá na téarmaí nó don tomhaltóir brath ar a éagóraí atá na téarmaí sin. Bhí an conradh faoi réir scrúdú uaithi féin nuair a tionscnaíodh an nós imeachta um fhorfheidhmiú morgáiste, ach níor luadh go sainráite ná níor spreagadh an scrúdú ar na téarmaí a bhí faoi dhíospóid.

De réir na Cúirte Breithiúnais, **toirsmeasctar le dlí an Aontais reachtaíocht náisiúnta a fhágann, mar gheall ar éifeacht *res judicata* agus toirmisc, nach féidir leis an gcúirt scrúdú a dhéanamh uaithi féin ar a éagóraí atá na téarmaí conarthacha i nós imeachta um fhorfheidhmiú morgáiste nó don tomhaltóir, tar éis don teorainn ama chun agóid freasúra a dhéanamh, brath ar a éagóraí atá na téarmaí sin sa nós imeachta sin nó i nós imeachta dearbhaitheach ina ndiaidh sin, i gcás ina bhfuil na téarmaí sin faoi réir scrúdú uaithi féin ag an gcúirt ar a éagóraí a d'fhéadfadh a bheith ann, ach níl aon chúis, fiú amháin achoimre, i gcinneadh breithiúnach lena n-údaraítear an morgáiste a fhorfheidhmiú lena léirítear gurb ann don scrúdú sin, ná ní thugann sé le fios nach bhféadfaidh an measúnú a rinne an chúirt sin ag deireadh an scrúdaithe sin a chur faoi amhras a thuilleadh in éagmais agóid freasúra a dhéantar laistigh den teorainn ama sin**.

Mar sin féin, **i gcás a thagann deireadh leis an nós imeachta um fhorfheidhmiú morgáiste agus a bhfuil na cearta maoine aistrithe chuig tríú páirtí, ní féidir leis an gcúirt scrúdú a dhéanamh a thuilleadh ar a éagóraí atá na téarmaí** conarthacha a d'fhágfadh go ndéanfaí na gníomhartha a d'aistreofaí an mhaoin a neamhniú agus slándáil dhlíthiúil an aistrithe úinéireachta a rinneadh cheana chuig tríú páirtí a chur faoi amhras. **Ní mór don tomhaltóir áfach, i gcás den sórt sin, a bheith in ann brath, i nós imeachta ar leithligh ina dhiaidh sin, ar a éagóraí atá téarmaí** an chonartha iasachta morgáiste chun a bheith in ann a chearta faoin Treoir a fheidhmiú go héifeachtach agus go hiomlán **chun cúiteamh a fháil as an damáiste airgeadais a tharla de bharr na dtéarmaí seo a chur i bhfeidhm.**

**Cásanna uamtha C-693/19, SPV Project 1503, agus C-831/19, Banco di Desio e della Brianza agus páirtithe eile.**

Rinneadh na hiarrataí seo in imeachtaí idir, ar thaobh amháin, SPV Project 1503 Srl agus Dobank SpA, ionadaí de chuid Unicredit SpA, agus YB agus, ar an taobh eile, Banco di Desio e della Brianza SpA agus institiúidí creidmheasa eile agus YX agus ZW, maidir le **nósanna imeachta forfheidhmithe atá bunaithe ar ionstraimí infhorfheidhmithe a bhfuil *res judicata* faighte acu.** Fiafraíonn cúirteanna forfheidhmithe na hIodáile ar a éagóraí atá an téarma pionóis agus an téarma lena bhforáiltear ús mainneachtana ar sna conarthaí maoinithe, chomh maith lena éagóraí atá téarmaí áirithe i gconarthaí ráthaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann. Is ar bhonn na gconarthaí seo a fuair na creidiúnaithe orduithe íocaíochta a tháinig chun bheith críochnaitheach. Mar sin féin, luann na cúirteanna ann, de bhua phrionsabail an dlí nós imeachta náisiúnta, in éagmais agóide a bheith déanta ag an tomhaltóir, go gcumhdaítear le *res judicata* ordaithe orduithe íocaíochta cineál neamhéagórach théarmaí an chonartha ráthaíochta, fiú amháin in éagmais aon scrúdaithe fhollasaigh ag an gcúirt a d'eisigh an t-ordú sin, ar a éagóraí atá na téarmaí sin.

Measann an Chúirt Bhreithiúnas **gur dócha go mbainfidh reachtaíocht náisiúnta an bonn den oibleagáid atá ar an gcúirt náisiúnta scrúdú a dhéanamh uaithi féin ar a éagóraí atá téarmaí conarthacha a d'fhéadfadh a bheith ann.** Ceanglaítear leis an gceanglas maidir le cosaint dlí éifeachtach go mbeadh an chúirt forfheidhmithe in ann measúnú a dhéanamh, lena n-áirítear den chéad uair, ar a éagóraí atá téarmaí conarthacha a d'fhéadfadh a bheith ann a bhí mar bhonn d'ordú íocaíochta arna eisiúint ag cúirt arna iarraidh sin do chreidiúnaí agus nár thaisc an féichiúnaí agóid ina choinne.

**Cás C-725/19, Impuls Leasing România**

Rinneadh an iarraidh seo i nós imeachta idir IO agus Impuls Leasing Romania IFN SA, maidir le hagóid freasúra forfheidhmithe i gcoinne gníomhartha forfheidhmithe a bhaineann le conradh léasaithe. Deir cúirt na Rómáine go bhfuil téarmaí áirithe sa chonradh léasaithe, ar ar a mbonn a tionscnaíodh an nós imeachta forfheidhmithe, a d'fhéadfaí a mheas a bheith éagórach.

Fágann dlí na Rómáine, áfach, nach féidir leis an gcúirt fhorfheidhmithe éileamh, faoi bhráid agóide freasúra i gcoinne forfheidhmiú í, measúnú a dhéanamh, uirthi féin nó arna iarraidh sin ag an tomhaltóir, ar a éagóraí atá téarmaí conarthacha idir tomhaltóir agus díoltóir nó soláthróir maidir le forfheidhmiú, ar an bhforas gurb ann do shásamh dlíthiúil inar féidir leis an gcúirt atá faoi bhráid an achomhairc a éagóraí atá téarmaí conarthacha den sórt sin a scrúdú. Is fíor go bhfuil an chumhacht ag an gcúirt chéadchéime, atá faoi bhráid achomhairc atá éagsúil ón gceann a bhaineann leis an nós imeachta forfheidhmithe, an nós imeachta sin a chur ar fionraí. Mar sin féin, ceanglaítear ar an tomhaltóir atá ag iarraidh an nós imeachta forfheidhmithe a chur ar fionraí ráthaíocht a íoc, arna ríomh ar bhonn luach ábhar an achomhairc.

De réir na Cúirte Breithiúnais, is dócha nach bhfuil na hacmhainní airgeadais is gá ag féichiúnaí mainneachtana chun an t-urrús riachtanach a sholáthar. Ina theannta sin, níor cheart go ndéanfadh na costais sin an tomhaltóir a dhíspreagadh as scrúdú a chur faoi bhráid na cúirte ar a éagóraí atá na téarmaí a d'fhéadfadh ann, rud is mó atá i gceist nuair a sháraíonn luach na n-éileamh a thaisctear luach iomlán an chonartha go mór.

**Dá bhrí sin, measann an Chúirt Bhreithiúnais nach gceadaítear le dlí an Aontais rialáil náisiúnta den sórt sin.**

---

**TABHAIR FAOI DEARA:** Ligeann tarchur chun réamhrialú do chúirteanna na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide a chuirtear faoina mbráid, fiafraí den Chúirt Bhreithiúnais faoi léirmhíniú dhlí an Aontais nó faoi bhailíocht gnímh de chuid an Aontais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an cás a réiteach de réir chinneadh na Cúirte Breithiúnais. Tá an cinneadh seo ina cheangal ar chúirteanna náisiúnta eile atá faoi bhráid fhadhb chomhchosúil.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear téacs iomlán agus na hachoimrí ar na breithiúnais (C-600/19, C-693/19 agus C-831/19, C-725/19, C-869/19) ar shuíomh CURIA lá an fhógartha.*

*Uimhir theagmhála don phreas: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.*

*Tá pictiúir de léamh an Bhreithiúnais ar fáil ar "Europe by Satellite" ☎ (+32) 2 2964106.*